Múinteoirí sna Scoileanna Eorpacha

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

SCHOLAE EUROPAEA

Ar mhaith leat múineadh i Scoil Eorpach?

Iarrann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta iarratais ó mhúinteoirí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil cáilíocht aitheanta teagaisc acu mar aon le trí bliana ar a laghad de thaithí shásúil mhúinteoireachta (tar éis an cháilíocht teagaisc a bhaint amach) do na poist seo a leanas, a thosóidh 1 Meán Fómhair 2010.

Poist Bhunoideachais

An Bhruiséil II, An Bheilg	Múinteoir bunscoile do ranganna bunscoile (aois 6-10)
Mol, An Bheilg	Múinteoir bunscoile do ranganna bunscoile (aois 6-10)
Frankfurt, An Ghearmáin	Múinteoir bunscoile do ranganna bunscoile (aois 6-10)
Varese, An Iodáil	Múinteoir bunscoile do ranganna bunscoile (aois 6-10)
Bergen, An Isiltír	Múinteoir bunscoile do ranganna bunscoile (aois 6 -10)

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí do na poist bhunoideachais:
- Cáilíocht aitheanta teagaisc
- Taithí shasúil trí bliana ar a laghad mar mhúinteoir tar éis profa
- Bheith ag obair mar mhúinteoir i scoil aitheanta in Éirinn
  (nó a bheith ar iasacht nó ar shos gairme ó phost den chineál sin).

Poist Iarbhunoideachais

An Bhruiséil I, An Bheilg	Stair: aon mhúinteoir
An Bhruiséil I, An Bheilg	Gaeilge le Stair nó Tíreolaíocht: aon mhúinteoir
An Bhruiséil II, An Bheilg	Gaeilge le Stair nó Tíreolaíocht: aon mhúinteoir
An Bhruiséil IV, An Bheilg	Béarla le Stair no Tíreolaíocht: aon mhúinteoir
Bergen, An Isiltír	Béarla agus EFL: aon mhúinteoir
Lucsamburg 1, Lucsamburg	Béarla agus EFL: aon mhúinteor

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí do na poist iarbhunoideachais:
- Cáilíocht aitheanta teagaisc
- Taithí shásúil trí bliana ar a laghad mar mhúinteoir tar éis an cháilíocht teagaisc a bhaint amach
- Bunchéim aitheanta i ndisciplín an ábhair ábhartha, agus
- Bheith ag obair mar mhúinteoir i scoil aitheanta in Éirinn
  (nó a bheith ar iasacht nó ar shos gairme ó phost den chineál sin).

Dírítear aird na n-iarratasóirí ar théarmaí Chiorclán 0009/2007 atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. Faigheann múinteoirí tuarastal a íocann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tuarastal a ghabhann pinsean leis faoin Scéim Pinsin do Mhúinteoirí. Cuireann tuarastal Eorpach a íocann na Scoileanna Eorpacha leis sin. Tá mionsonraí íocaíochta agus liúntais do mhúinteoirí le fáil ar láithreán gréasáin na Scoileanna Eorpacha www.eursc.org
Poist ar iasacht ar feadh naoi mbliana ar a mhéid atá ann. Éilítear eolas oibre a bheith ag iarrthóirí ar mhórtheanga eile de chuid an AE seachas an Béarla. Déanfar scrúdú ar labhairt na teanga sin nuair a bheidh na hagallaimh á ndéanamh.

Tá foirmeacha iarratais agus faisnéis bhreise ar fáil ó:
Láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.education.ie nó ó
Eileen McGuire, An Rannóg Idirnáisiúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.
Guthán: (01) 8892395 nó (01) 8734700. Ríomhphost: *eileen_mcguire@education.gov.ie*
Caithfidh na foirmeacha iarratais a bheith istigh faoi 5 i.n. Dé hAoine, an 5 Márta 2010.
Tabharfar gairm chun agallaimh d'iarratasóirí a chuirfear ar ghearrliosta.